



An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026  
(OR. en)

6361/26

FREMP 48  
JAI 198  
HYBRID 19  
EDUC 47  
JEUN 26  
GENDER 13  
TELECOM 67  
CYBER 61  
DISINFO 11  
COPEN 43  
AUDIO 20

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 71 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Plean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta 'Níos sábháilte ar líne, níos láidre le chéile'

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 71 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 71 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

Strasbourg, 10.2.2026  
COM(2026) 71 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,  
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA  
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Plean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta**

**‘Níos sábháilte ar líne, níos láidre le chéile’**

# 1. Réamhrá

*‘Ní grá ná cuibheas is bonn leis an ngnó seo. Ach bíonn tuismitheoirí ag maireachtáil leis na rioscaí agus an díobháil a bhaineann leis sin gach lá: an cibearbhulaíocht. Spreagadh an fhéindochair. Creachadóirí ar líne. Algartaim andúile. Is fúinne atá sé an chéad ghlúin eile a chosaint.’*

An tUachtarán von der Leyen, óráid ag an imeacht ardhphróifíle ‘Leanaí a Chosaint sa Ré Dhigiteach’ 2025

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an tsochaí mar gheall ar an gclaochlú digiteach. Cuireann sé deiseanna ollmhóra ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid scileanna agus cruthaitheachta a fhorbairt. Sa lá atá inniu ann, úsáideann 97 % de dhaoine óga san Aontas Eorpach [an t-idirlíon gach lá](#), agus i gcás na hóige idir 15 agus 24 bliana d’aois, is iad na hardáin meán sóisialta (65 %) [an phríomhfhoinsé faisnéise](#). In éineacht le huirlisí intleachta saorga (IS), físchluichí, aipeanna teachtaireachtaí agus ríomhphobail, nascann siad daoine le chéile agus meallann siad daoine.

Ach tá rioscaí ag baint leis na hardáin sin freisin: neamhchosaint ar chreachadóirí ar líne, spreagadh an fhéindochair, algartaim andúile, dúshláin chontúirteacha ar líne, agus cibearbhulaíocht.

Tá cearta bunúsacha, [cearta an linbh ina measc](#), fíor-riachtanach do luachanna an Aontais agus ní mór seasamh leo ar líne agus as líne araon. Tá sé de cheart ag leanaí agus ag daoine óga faisnéis a lorg go sábháilte, foghlaim, a bheith nasctha, agus a bheith ina mbail rannpháirteacha den tsochaí. Ní mór, mar sin, dár ndíonbháilteacht leanaí agus daoine óga a chosaint agus a chumhachtú a bheith chomh láidir céanna le saoirsí agus féidearthachtaí an domhain dhigitigh. Níor cheart dochar a dhéanamh don ghealladh atá faoin ré dhigiteach le hiompraíocht is cúis le huirlisí, eisiamh nó díobháil.

Laghdaítear muinín agus déantar damáiste d’fhéinmheas de dheasca na cibearbhulaíochta. Eisiatar daoine agus cuirtear srian leo barr a gcumais a bhaint amach. Déantar dochar dár n-uailmhian choiteann maidir le hEoraip bhríomhar chuimsitheach dhigiteach dár leanaí agus don óige.

Tá na meáin shóisialta ar cheann de na príomhbhealaí trína bhfuil leanaí agus déagóirí neamhchosanta ar an gcibearbhulaíocht, agus tá ag méadú ar an bhfianaise go bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha díobhálacha ag baint lena neamhchosaint ar ábhar míchuí ar líne. Tá [creat cuimsitheach dlíthiúil agus beartais](#) ag an Aontas cheana féin chun leanaí a chosaint agus a chumhachtú ar líne, agus is é an [Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha](#) (GSD) an phríomhuirlis atá ann cheana i ndáil leis sin.

Mar a fógraíodh i Staid an Aontais 2025, tá sainchomhairle á lorg ag an Uachtarán von der Leyen maidir le srianta aoise ar na meáin shóisialta san Eoraip i bhfianaise rioscaí ar líne, agus tá coinne le moltaí faoi shamhradh 2026. Tá roinnt Ballstát ag smaoineamh ar bhearta a dhéanamh chun aoiseanna íosta in-fhorfheidhmithe a thabhairt isteach maidir le rochtain ar na meáin shóisialta agus chun ceanglais a thabhairt isteach maidir le toiliú agus rialú tuismitheora. I measc na mbeart sin tá tairseacha aoise le haghaidh rochtain ar na meáin

shóisialta a ailíniú leis an aois le haghaidh toiliú digiteach, príobháideachas mar réamhshocrú do mhionaoisigh a shainordú agus réitigh a bhunú le haghaidh fíorú aoise anaithnid.

Le cur chuige comhordaithe Eorpach maidir le tairseacha aoise, chinnteofaí go bhfaigheadh leanaí uile na hEorpa cosaint chomhionann agus chuirfí cosc ar ilroinnt dhlíthiúil sa mhargadh aonair digiteach. Réiteoidh an painéal saineolaithe an bealach do chur chuige comhordaithe Eorpach a d'fhéadfadh a bheith reachtach maidir le tairseacha aoise agus d'fheachtas múscailte feasachta fianaisebhunaithe, lena gcumhachtófar tuismitheoirí chun smacht éifeachtach a ghlacadh ar rochtain a leanaí ar ábhar ar líne.

Chomh maith leis sin, chomhroinn Bord na nÓg um Chomhairliú dearcthaí daoine óga maidir leis an tsaincheist sin le hUachtarán an Choimisiúin. Tá tástáil phiólótach á déanamh ag an Coimisiún agus na Ballstáit ar [réiteach le haghaidh fíorú aoise](#) atá so-úsáidte, a chosnaíonn príobháideachas, agus a leagann síos 'caighdeán tagartha' maidir le fíorú aoise ar líne. [D'iarr](#) Parlaimint na hEorpa go mbeadh aois íosta dhigiteach chomhchuibhithe 16 bliana d'aois san Aontas le haghaidh rochtain ar na meáin shóisialta, ar ardáin comhroinnte físeán agus ar chomrádaithe IS, ach go gceadófaí rochtain do dhaoine idir 13 agus 16 bliana d'aois dá mbeadh toiliú tuismitheora acu.

Seolfaidh an Coimisiún fiosrúchán uile-Aontais freisin chun tús a chur le díospóireacht fhianaisebhunaithe maidir le tionchar na meán sóisialta agus an iomarca ama scáileáin ar fholláine agus meabhairshláinte daoine óga.

Nuair a bhíonn leanaí ar líne, is bagairt mhór fós í an chibearbhulaíocht a dteastaíonn freagairt chomhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta ina leith. Tugtar tús áite don fhreagracht atá ar ardáin ar líne sábháilteacht trína ndearadh a áirithiú. Chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht, tá gá le comhar ar gach leibhéal rialachais, lena n-áirítear údaráis rialála agus forfheidhmithe dlí, chomh maith le cur chuige uile-shochaí, ina mbeidh tuismitheoirí, gairmithe, oideoirí, an tsochaí shibhialta agus daoine óga féin rannpháirteach.

Mar a fógraíodh i [dTreoirlínte Polaitiúla ón gCoimisiún 2024-2029](#), leagtar amach sa Teachtaireacht seo plean gníomhaíochta spriocdhírithé chun treocht mhéadaitheach na hiompraíochta mí-úsáidí ar líne a chomhrac go daingean. Díritear go príomha ar leanaí agus ar dhaoine óga, agus cuirtear leochaileacht mhéadaithe grúpaí áirithe san áireamh freisin. Mar sin féin, cuideoidh go leor de na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht ar fud an phobail i gcoitinne.

Bainfidh an Coimisiún úsáid as na huirlisí uile atá ar fáil dó chun an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlánú, agus áiritheoidh sé, ar an dóigh sin, go nglacfaidh ardáin dhigiteacha a bhfreagracht iomlán as an gcibearbhulaíocht a bhrath agus a chomhrac. Tabharfaidh sé tacaíocht do na Ballstáit uile na dea-chleachtais atá le fáil san Aontas a ghlacadh, chun go mbeidh a gcomhraic in aghaidh na cibearbhulaíochta chomh héifeachtach agus is féidir. Agus cuirfidh sé dlús leis na hiarrachtaí eolas a chur ar fáil do gach cuid den tsochaí agus feasacht a mhúscailt maidir lena bhfuil i gceist leis an gcibearbhulaíocht, maidir leis an gcaoi ar féidir í a chosc, agus maidir leis an tacaíocht is féidir a thabhairt d'íospartaigh.

Leis an bplean gníomhaíochta seo, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ar ardáin ar líne, ar an tsochaí shibhialta, ar institiúidí oideachais, ar theaghlaigh,

agus ar leanaí agus daoine óga iad féin gealltanais a thabhairt go ndéanfaidh siad iarracht chomhroinnt: deimhin a dhéanamh de gur áit shábháilte, mheasúil, chuimsitheach agus thacúil í an timpeallacht dhigiteach. Molann an Coimisiún go seasfaidh ár nAontas le chéile ar son fholláine mheabhrach agus dhínt na leanaí agus na ndaoine óga uile.

## 2. An chibearbhulaíocht: an tsaincheist

Tá tionchar ag an gcibearbhulaíocht ar leanaí i ngach áit: Rinneadh cibearbhulaíocht ar 18.3 % de leanaí ar fud an domhain trí theachtaireachtaí meandracha, postálacha ar na meáin shóisialta, teachtaireachtaí ríomhphoist, nó teachtaireachtaí téacs. Ní trí théacs amháin a tharlaíonn an chibearbhulaíocht ach trí ábhar closamhairc freisin, mar shampla, [pictiúir nó fiseáin](#) a chomhroinntear ar líne.

San Eoraip, tuairiscíonn [thart ar leanbh amháin as gach seisear](#) idir 11 bhliain agus 15 bliana d'aois go ndearnadh cibearbhulaíocht orthu agus admhaíonn thart ar leanbh amháin as gach ochtar go ndearna siad cibearbhulaíocht ar dhaoine eile. Idir 2018 agus 2022, tháinig méadú faoi aon cheathrú ar an líon [déagóirí a ndearnadh cibearbhulaíocht orthu](#) i gcás buachaillí agus beagnach aon cheathrú i gcás cailíní. Le 5 bliana anuas, ba í an chibearbhulaíocht [an phríomhchúis](#) go comhsheasmhach le teagmháil a dhéanamh le línte cabhrach na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte.

Na 6,343 fhreagróir idir 12 bhliain agus 17 mbliana d'aois a ndeachthas i gcomhairle leo le haghaidh an phlean gníomhaíochta seo, thuairiscigh siad [neamhchosaint fhorleathan ar an gcibearbhulaíocht](#): rinneadh cibearbhulaíocht ar leanbh amháin as gach ceathrar leanaí agus déagóirí idir 12 bhliain agus 17 mbliana d'aois, agus chonaic níos mó ná leanbh amháin as gach triúr í.

### 2.1 Cad is cibearbhulaíocht ann?

Tá níos mó deiseanna ann nascadh le daoine eile a bhuí le teicneolaíochtaí digiteacha ach tá méadú tagtha ar rioscaí ar líne de dheasca teicneolaíochtaí digiteacha freisin, mar shampla, eisiaimh sóisialta, cionta fuatha, ciapadh, uiríslíú agus mí-úsáid ar féidir leo dul thar theorainneacha fisiceacha agus leanúint ar aghaidh de lá agus d'oíche.

Le haghaidh an phlean gníomhaíochta seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **comhthuiscint ar an gcibearbhulaíocht** a chur chun cinn:

**Tagraíonn an chibearbhulaíocht d'iompraíocht a dhéantar trí theicneolaíochtaí digiteacha, agus é ar intinn nó d'éifeacht aici go príomha an méid seo a dhéanamh arís agus arís eile nó go leanúnach, go háirithe agus é dírithe ar leanaí nó ar dhaoine óga: uiríslíú a dhéanamh orthu, iad a eisiaimh go sóisialta, mí-úsáid a dhéanamh orthu, iad a chiapadh nó díobháil a dhéanamh dóibh.**

Gné sin an athdhéanta, breathnaítear uirthi mar [phríomhghné](#) den bhulaíocht agus den chibearbhulaíocht. Baineann an t-athdhéanamh leis na héifeachtaí leanúnacha ar an íospartach, a bhféadfadh inní a bheith air freisin go bhféadfaí teagmhas aonuaire a chomhroinnt arís agus

arís eile ar líne, rud a chuirfeadh síneadh leis an tráma agus a mbeadh athíospairt mar thoradh air gan rannpháirtíocht dhíreach bhreise ó dhéantóir na coire.

Tá **éagothroime cumhachta** i gcoílár na bulaíochta ach d'fhéadfadh sí teacht chun cinn ar bhealach éagsúil ar líne. Sa ghnáthbhulaíocht, is minic a eascraíonn éagothroime cumhachta as neart fisiceach, stádas sóisialta nó noirm ghrúpa. Sa chibearbhulaíocht, eascraíonn sí freisin as leibhéal éagothroma ó thaobh tionchar digiteach, scileanna digiteacha, rochtain ar theicneolaíocht, nó rialú ar ábhar de.

Tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht mar d'fhéadfadh sé tarlú ar ghairis phríobháideacha tráth ar bith, áit ar bith, gan déantóir na coire a bheith i láthair go fisiceach. Thairis sin, tarlaíonn sí freisin ar chainéil nach bhfuil ar fáil go poiblí.

I measc na gcineálacha is coitianta cibearbhulaíochta, tá nótaí tráchta gránna nó mailíseacha, scaipeadh ráflaí ar líne, nó comhroinnt postálacha a chuirfeadh náire ar dhuine nó a dhéanadh uirislíú ar dhuine.

An anaithnideacht, an rochtain leathan ar lucht féachana, agus an cumas teachtaireachtaí príobháideacha a sheoladh chuig daoine aonair tráth ar bith, is gnéithe iad sin a mhéadaíonn an damáiste a bhaineann le gnáthbhulaíocht thraidisiúnta. Thairis sin, cothaíonn timpeallachtaí digiteacha díscor morálta, comhbhá laghdaithe, agus díchosca ar líne, rud a laghdaíonn na bacainní ar chibearbhulaíocht.

D'fhéadfadh ábhar díobhálach fanacht ar líne go deo. D'fhéadfaí rochtain a fháil air agus é a ath-chomhroinnt go leanúnach, nó mearscaipeadh a dhéanamh air, rud a mhéadaíonn an díobháil, atá ina chúis le hathíospairt, agus a chuireann bac ar théarnamh. Ní mór na tosca sin a chur san áireamh agus tacaíocht éifeachtach á tabhairt. Leathnaítear an lucht féachana féideartha leis an gcibearbhulaíocht, rud a fhágann gur féidir leanúnachas a bheith ag baint leis an iompar bagrach idir spásanna fisiceacha agus spásanna ar líne nó *vice versa*.

Mar gheall ar an bhforbairt dhigiteach thapa leanúnach, tá na timpeallachtaí agus na huirlisí a úsáidtear chun díobháil a dhéanamh de shíor ag athrú. Chun solúbthacht a chinntiú, ba cheart na teicneolaíochtaí is déanaí a úsáid chun an chibearbhulaíocht a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt uirthi.

Go háirithe, cé go bhféadfadh an intleacht shaorga (IS) a bheith ina cuidiú chun an chibearbhulaíocht a bhrath, le glacadh méadaitheach na hintleachta saorga, go háirithe an intleacht shaorga ghiniúnach (IS giniúnach), agus lena comhtháthú in aipeanna agus seirbhísí ar líne, méadaítear rioscaí agus uirlisí cibearbhulaíochta, nó cruthaítear rioscaí nua fiú. Mar shampla, tá méadú ag teacht ar íomhánna agus físeáin dhomhainbhrionnaithe, agus níos mó agus níos mó is éard atá mar thoradh orthu mí-úsáid dhomhainbhrionnaithe gháirsiúil atá dírithe den chuid is mó ar mhná agus ar chailíní, mar shampla, i gcásanna cibearbhulaíochta, agus a chuimsíonn réimse ó iompraíocht dhíobhálach go cionta coiriúla a mhéid a bhaineann le híomhánna a chruthú arb éard atá iontu mí-úsáid ghnéasach leanaí nó cibearfhoréigean inscnebhunaithe. Tugtar isteach leis sin gné bhreise díobhála a dhéanann dochar ní hamháin do chlú ach, ar aon dul le hiompraíochtaí cibearbhulaíochta eile, a bhféadfadh ciapadh síceolaíoch a bheith mar thoradh orthu freisin, rud a chuireann i dtábhacht a phráinní atá sé monatóireacht

a dhéanamh ar na rioscaí sin atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais agus aghaidh a thabhairt orthu.

D'fhéadfadh forluí a bheith ann idir an chibearbhulaíocht agus cionta fuatha nuair is fuath nó griosú chun foréigin agus fuatha is cúis leis an gcibearbhulaíocht agus nuair a dhírítear ar dhaoine aonair léi trí thagairt a dhéanamh do shaintréithe cosanta áirithe. Le [Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle](#) ceanglaítear ar na Ballstáit coiriúla a dhéanamh ar an ngríosú poiblí chun foréigin nó fuatha a dhírítear in aghaidh grúpa daoine nó ball de ghrúpa den sórt sin a shainmhíneáil trí thagairt do chine, dath, reiligiún, sliocht nó bunadh eitneach. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear pionóis bhreise ar fáil i leith cionta coiriúla a dhéantar le spreagadh ciníoch nó seineafóibeach.

D'fhéadfadh forluí a bheith ann idir an chibearbhulaíocht agus mí-úsáid ghnéasach leanaí de réir bhrí [Threoir 93/2011](#) maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír ghnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac.

Le [Treoir 2024/1385](#) maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cibirghríosú inscnebhunaithe chun foréigin nó fuatha inphionóis mar chion coiriúil. Déantar cionta cibearfhoréigin eile a tharlaíonn go minic i gcomhthéacs na cibearbhulaíochta a choiriúla freisin: comhroinnt neamhthoiliúil ábhair dlúthchaidrimh nó ábhair arna chúbláil, cibearstalcaireacht agus cibirchiapadh. Áirítear sa Treoir freisin forálacha chun gur féidir ábhar neamhdhleathach cibearfhoréigin a bhaint go tapa.

## 2.2 Grúpaí atá i mbaol na cibearbhulaíochta

Tá an chibearbhulaíocht forleathan go háirithe i measc **leanaí agus déagóirí atá in aois scoile**, go háirithe de réir mar a mhéadaíonn a ngníomhaíocht ar líne.

Tá **cailíní agus mná óga** neamhchosanta ar bhulaíocht de chineál gnéasaíoch agus frithbhanda agus déantar difear díréireach dóibh, mar shampla, trí [chomhroinnt neamh-chomhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta](#) agus [íomhánna nó fiseáin domhainbhrionnaithe gháirsiúla](#).

Tá **grúpaí leochaileacha** neamhchosanta go díréireach ar an gcibearbhulaíocht, ós rud é go bhféadfaí an chibearbhulaíocht a dhíriú ar dhuine aonair toisc go meastar go mbaineann siad leis na grúpaí sin.

Tá **leanaí ó theaghlaigh ar ioncam íseal** [níos neamhchosanta](#) ar an gcibearbhulaíocht ná a bpiaraí.

Déantar íospairt ar líne ar **leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas**, [ar leibhéal níos airde](#), lena n-áirítear foréigean ghnéasach agus inscnebhunaithe. Éiríonn cuid acu as timpeallachtaí digiteacha fiú mar gheall ar mhí-úsáid leanúnach.

Tá riosca ard ann go ndéanfar bulaíocht chiníoch nó idirdhealaitheach ar **mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha**, ar **imircigh agus ar dhídeanaithe**. Mar shampla, tá [na Romaigh agus mionlaigh chine nó mionlaigh eitneacha eile](#) neamhchosanta go háirithe ar chiapadh ar líne agus ar fhuathchaint neamhdhleathach a bhaineann le heisiamh sistéamach,

agus thuairiscigh 90 % [d'Eorpaigh Ghiúdacha](#) go ndearnadh frithsheimíteachas ar líne orthu le bliain anuas.

I measc **dhaoine LADTIA**, tháinig 63 % díobh ar ábhar fuatha foréigneach ar líne in aghaidh [phobal LADTIA](#). Thairis sin, thuairiscigh 11 % gur phostáil duine tráchtanna maslacha nó bagracha fúthu ar an idirlíon le bliain anuas, agus rinneadh fonóid nó ciapadh ar scoil ar dhá thrian díobh.

Cuideoidh na gníomhaíochtaí a chuirtear chun cinn sa phlean gníomhaíochta seo le haghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht d'aon íospartach. Cuirfear na breithnithe combhionannais a leagtar amach thuas san áireamh maidir leis an gcur chun feidhme chun feabhas a chur ar thionchar na ngníomhaíochtaí.

## 2.3 Tionchar na cibearbhulaíochta

Is féidir le hiarmhairtí na cibearbhulaíochta a bheith dian agus fadtéarmach, do dhaoine aonair agus don tsochaí i gcoitinne araon. Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht a bheith ina céad chéim i dtreo coir nó mí-úsáid níos tromchúisí, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach.

Tá riosca méadaithe inní, dúlagair, uaignis, féindochar agus iompraíochta féinmharfaí roimh [íospartaigh a ndéantar cibearbhulaíocht orthu](#), agus is mó a bhíonn siad i mbaol fadhbanna iompraíochta, mar shampla, iompraíocht dhíobhálach chun déileáil le deacrachtaí. Thairis sin, féadfaidh siad siúd a ndéantar cibearbhulaíocht orthu dul i mbun na cibearbhulaíochta iad féin, mura bhfuil sé d'aidhm acu ach éalú óna ról mar íospartach. Chuige sin, tá gá le freagairt chúramach atá oiriúnach do leanaí.

Is féidir leis an gcibearbhulaíocht díobháil a dhéanamh freisin d'fheidhmíocht acadúil, d'fholláine na ndaltaí agus do thimpeallacht na scoile. D'fhéadfadh iarmhairtí fadtéarmacha a bheith aige sin ar chonairí oideachais agus gairme, chomh maith le folláine fhoriomlán na ndaltaí agus a sástacht leis an saol.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iarmhairtí forleathana ar an tsochaí a bheith ag an tionchar ar leanaí agus ar dhaoine óga, rud a chuirfeadh leis na héagothromaíochtaí atá ann cheana.

## 3. An bealach chun cinn

Tá gá le freagairt níos láidre, níos comhsheasmhaí agus níos comhordaithe ón Aontas ar an gcibearbhulaíocht lena neartaítear iarrachtaí maidir le cosc agus litearthacht dhigiteach, agus lena gcuirtear feabhas ar thuairisciú agus tacaíocht d'íospartaigh ar fud an Aontais agus lena simplítear iad. Is é an fhís atá againn Eoraip inar féidir le gach leanbh agus gach duine óg fás aníos saor ón gcibearbhulaíocht, a ndéanfaidh á cosaint, agus iad a chumhachtú chun go mbeidh rath orthu i ndomhan digiteach ina n-urramaítear luachanna na hEorpa. Chuige sin, tá an plean gníomhaíochta seo bunaithe ar thrí cholún idirnasctha: Cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais, cosc agus feasacht, agus tuairisciú agus tacaíocht.

Tá tuairimí an phobail ag tacú leis an nglao seo ar ghníomhaíocht: deir [níos mó ná naonúr as gach deichniúr Eorpach](#) go bhfuil sé práinneach go ndéanadh údarais phoiblí beart chun leanaí a chosaint ar an gcibearbhulaíocht. Léiríodh sa [chomhairliúchán poiblí](#) a thacaíonn leis an bplean sin tacaíocht láidir do chlár litearthachta digití agus forbartha comhbhá i scoileanna agus in oiliúint múinteoirí, agus d'uirlisí tuairiscithe agus seirbhísí tacaíochta feabhsaithe d'íospartaigh.

### 3.1 Colún I: Cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais maidir le cosaint

Bainfidh an Coimisiún leas iomlán as na hionstraimí beartais agus dlí atá ann cheana, agus sainaithneoidh sé deiseanna chun an chibearbhulaíocht a chomhrac mar chuid de thionscnaimh a bheidh ann amach anseo. Thairis sin, **iarrtar ar na Ballstáit bearta náisiúnta éifeachtacha a dhéanamh de chuspóirí coiteanna agus éiceachóras comhtháite dea-fheidhmiúil a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht.**

Tá GSD fós lárnach d'iarrachtaí forfheidhmiúcháin, lena gceanglaítear ar sholáthraithe ardán ar líne a bhfuil rochtain ag mionaosigh orthu ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaosigh atá ar a seirbhís.

Thairis sin, leagtar amach i [dtreoirlínte GSD](#) maidir le cosaint mionaiseach ar líne bearta ba cheart do sholáthraithe ardán ar líne a chur i bhfeidhm chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta iomchuí chun an riosca go mbeadh mionaosigh neamhchosanta ar ábhar díobhálach a laghdú, amhail córais moltaí a dhearadh ar mhaithe le leas na mionaiseach, nó ar iompraíocht dhíobhálach, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le teagmháil ó idirghníomhaíochtaí le piaraí. Chun íospartaigh a ndéantar cibearbhulaíocht orthu a chosaint, áirítear orthu a thuilleadh bearta rialaithe agus cumhachtaithe úsáideoirí, sásraí tuairiscithe atá oiriúnach do leanaí agus uirlisí gearáin chomh maith le modhnóireacht ábhair i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Ceanglaítear le GSD freisin ar sholáthraithe ardán ar líne sásraí so-úsáidte ar féidir teacht orthu go héasca a chur i bhfeidhm lena ligtear do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear mionaosigh, ábhar neamhdhleathach a thuairisciú, e.g. cineálacha áirithe fuathchainte neamhdhleathaí; nó ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Ag brath ar an reachtaíocht náisiúnta, d'fhéadfadh cineálacha cibearbhulaíochta a bheith neamhdhleathach freisin. Ní mór do sholáthraithe cinní tapa iomchuí a dhéanamh tar éis dóibh fógraí den sórt a fháil.

Beidh an plean gníomhaíochta seo mar bhonn eolais leis an athbhreithniú agus an nuashonrú a dhéanfar go luath ar threoirlínte GSD maidir le cosaint mionaiseach ar líne. Go háirithe, d'fhéadfadh na treoirlínte cuidiú le soláthraithe ardán ar líne uirlisí tuairiscithe níos éifeachtúla a dhearadh, e.g. maidir lena n-infheictheacht, a n-inrochtaineacht theicniúil, agus a socrúithe teanga, agus teicneolaíochtaí éifeachtacha a úsáid chun neamhchosaint ar an g cibearbhulaíocht a chosc. D'fhéadfadh na treoirlínte cuidiú freisin le soláthraithe bearta iomchuí a dhearadh chun freagairt d'fhógraí ó mhionaosigh, e.g. trí thacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí faisnéis a stóráil ar féidir léi a bheith ina fianaise.

Déantar foráil le GSD freisin maidir leis an bhféidearthacht '[comharthóirí iontaofa](#)' a bheith ann, ar saineintitis iad nach mór tosaíocht a thabhairt dá bhfógraí. Féadfar na forálacha sin a

úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht, le comharthóirí iontaofa a rannchuidíonn le dul i ngleic le scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh cibearbhulaíochta. Eiseoidh an Coimisiún **treoirlínte maidir le comharthóirí iontaofa** a chuideoidh lena a ról a shoiléiriú maidir le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht neamhdhleathach. Cuideoidh na treoirlínte sin freisin le soiléiriú a dhéanamh ar oibleagáidí soláthraithe ardán ar líne a mhéid a bhaineann le fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa.

Is féidir cibearbhulaíocht a dhéanamh freisin trí ábhar closamhairc ar líne. Leis an [Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc](#), leagtar amach ceanglais ghinearálta chun mionaoisigh a chosaint, go háirithe ar líne, ar ábhar díobhálach a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt fhisiceach, mheabhrach nó mhorálta. Tá ábhar arb é atá i gceist leis cibearbhulaíocht san áireamh ansin. Leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, ceanglaítear ar ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí a dhéanamh ionas nach mbeidh rochtain ag mionaoisigh ar ábhar díobhálach trí chaighdeáin maidir le hábhar meán a chuimsiú i dtéarmaí agus coinníollacha nó trí rialú tuismitheora agus córais rátála ábhair. Thairis sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit dínit an duine a chosaint agus Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc á cur chun feidhme acu. Leis an meastóireacht agus an t-athbhreithniú leanúnach ar an Treoir, déanfar measúnú ar a éifeachtaí atá na rialacha sin curtha i bhfeidhm ag ardáin comhroinnte físeán, agus ar cé acu is gá nó nach gá níos mó a dhéanamh chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar díobhálach ar líne, lena n-áirítear i ndáil leis an gcibearbhulaíocht, agus i gcomhréir le GSD.

Leis an [nGníomh um an Intleacht Shaorga](#) cuirtear toirmeasc ar chórais IS lena ndéantar daoine a ionramháil nó a mheabhlú trí theacht i dtír ar leochaileachtaí a bhaineann lena n-aois, chun a n-íompraíocht shaobhadh, rud a dhéanann díobháil mhór. Is féidir leis na toirmisc sin an chibearbhulaíocht a chosc. Ghlac an Coimisiún [treoirlínte maidir le cleachtais IS atá toirmisce](#) chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach a éascú ar fud an Aontais. Bunaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga freisin ceanglais trédhearcahta, lena n-áirítear an oibleagáid úsáideoirí a chur ar an eolas nuair atá siad ag idirghníomhú le IS agus ábhar arna ghiniúint nó arna chúbláil ag IS a lipéadú go soiléir, amhail domhainbhrionnuithe, chun meabhlaireacht a chosc.

Thairis sin, ní mór na beartais sin a chomhlánú le bailiú sonraí maidir leis an gcibearbhulaíocht, rud nach bhfuil comhsheasmhach faoi láthair, lena gcuirtear bac ar thuiscint chuimsitheach ar threochtaí ar fud na mBallstát. Mar fhreagairt ar an nglao, a eascraíonn as an gcomhairliúchán poiblí, éascóidh an Coimisiún bailiú comhsheasmhach inchomparáide sonraí maidir leis an gcibearbhulaíocht ar fud an Aontais, mar shampla trí treoraíocht a thabhairt amhail creat comhchoiteann bailithe sonraí agus táscairí, agus suirbhéanna uile-Aontais a sheoladh tríd an ardán maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanáí (BIK) i gcomhar le sásraí rannpháirtíochta leanáí agus óige eile. Cuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun go gcuirfear ar a gcumas do líonra [na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte](#) tabhairt faoi na cúraimí breise sin agus leanúnachas fadtéarmach na hoibre sin a áirithiú.

### Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. an bhéim ar dhul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht a leathnú san **athbhreithniú ar threoirlínte GSD maidir le cosaint mionaiseach**, go háirithe maidir le bearta chun cosc ar neamhchosaint ar ábhar díobhálach, agus feabhas a chur ar chórais tuairiscithe na n-ardán ar líne - atá beartaithe in **2026**;
2. **treoirlínte GSD maidir le comharthóirí iontaofa a ghlacadh**, rud a chuideoidh lena ról a shoiléiriú ó thaobh dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, mar shampla, an chibearbhulaíocht neamhdhleathach, – **faoi R2 2026**;
3. measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht ar ardáin comhroinnte físeán le linn na **meastóireachta leanúnaí ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus ar an athbhreithniú uirthi – faoi R3 2026**;
4. **tacú le cur chun feidhme éifeachtach fhorálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le cleachtais IS atá toirmisce**, mar shampla nuair a úsáidtear iad le haghaidh na cibearbhulaíochta, trí chomhordú laistigh den Bhord Eorpach um an Intleacht Shaorga agus tríd an treoraíocht a chuirtear ar fáil leis na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cleachtais IS atá toirmisce – **ó R3 2026 ar aghaidh**;
5. **cur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí trédhearcachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a éascú**, mar shampla trí chód cleachtais maidir le hábhar arna ghiniúint ag IS a mharcáil agus a lipéadú, arb é is aidhm dó tacú le comhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a bhaineann le hábhar arna ghiniúint ag IS a mharcáil agus a lipéadú, ábhar a úsáidtear le haghaidh na cibearbhulaíochta san áireamh – **ó R3 2026 ar aghaidh**.

### Iarrtar ar na Ballstáit:

1. **pleananna cuimsitheacha náisiúnta frithbhulaíochta, lena n-áirítear cibearbhulaíocht**, a bhunú, a bhainfidh tairbhe as an tacaíocht ó Líonra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh i gcomhréir leis an [teachtaireacht agus leis an moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí](#);
2. úsáid a bhaint as an gcomhthuiscint ar an gcibearbhulaíocht a chuirtear chun cinn leis an bplean gníomhaíochta seo chun **sonraí comhsheasmhacha inchomparáide a bhailiú maidir leis an gcibearbhulaíocht** a éascaítear le tacaíocht ón gCoimisiún trí líonra na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte agus tríd an ardán maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí, agus oibriú le chéile chun caighdeáin choiteanna a bhaint amach chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht ar fud an Aontais.

## 3.2 Colún II: Cosc agus feasacht

Is é an bealach is fearr chun an chibearbhulaíocht a chomhrac gníomhú sula dtarlaíonn teagmhais dhíobhálacha. Chun an chibearbhulaíocht a chosc, tá gá le cleachtais dhigiteacha shláintiúla ó aois óg. Is éard atá i gceist leis sin na scileanna agus an mhuinín a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun labhairt faoi rioscaí ar líne agus chun iad a

aithint. Tá sé tábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar na dearchtaí bunúsacha a bhféadfadh iompraíocht dhíobhálach ar líne a bheith mar thoradh orthu.

Chun a bheith éifeachtach, ní mór daoine a fheiceann cibearbhulaíocht agus nach ndéanann aon rud faoi, piaraí, déantóirí na coire, tuismitheoirí, cúramóirí, oideoirí, agus pobal na scoile i gcoitinne a bheith rannpháirteach in iarrachtaí coisctheacha, le tacaíocht ó na gníomhaithe ábhartha uile, háirithe eagraíochtaí sochaí sibhialta. Thacaigh 62 % d'fhreagróirí an chomhairliúcháin phoiblí leis sin, agus chuir siad i dtábhacht an gá atá le tacaíocht a thabhairt d'oiliúint ghairmiúil d'oidoerí, d'fhorfheidhmiú an dlí agus d'oibríthe sóisialta.

Ba cheart tionscnaimh choisctheacha agus tionscnaimh feasachta araon a dhéanamh freisin i dtimpeallachtaí foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla, amhail ionaid óige, clubanna spóirt, agus suíomhanna pobail, ina gcaitheann leanaí agus daoine óga cuid mhór dá gcuid ama. Ba cheart do na tionscnaimh sin cosc agus comhrac aon chineáil idirdhealaithe a chomhtháthú freisin, i sineirgíocht le straitéisí comhionannais an Aontais.

Tá an t-oideachas digiteach agus an litearthacht dhigiteach ag teastáil níos mó agus níos mó chun dul i ngleic leis an domhan ar líne go sábháilte agus go freagrach. Trí leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le meas agus freagracht i dtimpeallachtaí digiteacha, is féidir cásanna díobhála d'aon ghnó nó neamhbheartaithe a laghdú. Is beart coisctheach é sin freisin a bheartaítear faoin Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

Ba cheart do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu, atá faoi mhíchumas nó atá i staideanna leochaileacha, a bheith rannpháirteach go gníomhach i ndearadh agus i seachadadh gníomhaíochtaí múscaillte feasachta a chumhachtaíonn, atá cuimsitheach agus inrochtana, agus ina labhraítear amach faoin gcibearbhulaíocht.

Cuirfidh an Coimisiún raon uirlisí coisctheacha agus feasachta ar fáil ar leibhéal an Aontais, uirlisí a fhorbrófar i gcomhpháirtíocht le leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, oideoirí, gairmithe meabhairshláinte, agus leis na Ballstáit, chomh maith le heagraíochtaí sochaí sibhialta.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027), tabharfaidh an Coimisiún Eorpach cothrom le dáta a [threoirlínte do mhúinteoirí agus d'oidoerí maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus maidir leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn](#) tríd an oideachas agus oiliúint. Ina theannta sin, mar a fógraíodh sa [teachtaireacht maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas](#), léireofar sna nuashonruithe forbairtí in IS agus sna meáin shóisialta agus áireofar iontu ábhar teagaisc agus gníomhaíochtaí maidir leis an gcibearbhulaíocht agus aird á tabhairt ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht. Forbróidh an Coimisiún Eorpach creat inniúlachta saoránachta an Aontais freisin mar aon le treoirlínte chun oideachas saoránachta i scoileanna a neartú.

Thairis sin, beidh an litearthacht dhigiteach, cosc na cibearbhulaíochta agus an fholláine dhigiteach ina réimsí fócais i dtreochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha. Is é is aidhm do threochlár 2030 a áirithiú go dtabharfar tacaíocht do

dhaoine óga nósanna sláintiúla ar líne a fhorbairt agus go gcuirfear ar an eolas iad faoi úsáid fhreagrach gaireas digiteach laistigh agus lasmuigh den seomra ranga araon.

Cuireann an obair sin maidir leis an litearthacht dhigiteach le tionscnaimh atá á geur chun feidhme ag an gCoimisiún tríd an gclár Erasmus+ agus tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, tríd an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile agus trí r-Nascadh. I gcomhthéacs an Ardáin Eorpaigh um Oideachas Scoile, cumasóidh an Coimisiún infheictheacht níos fearr agus bhuan le haghaidh na n-ábhar úsáideach uile do scoileanna maidir le bulaíocht, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht. Ó ghlaó Erasmus+ 2026, neartófar an fholláine ar scoil chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do thionscadail lena dtugtar aghaidh ar an mbulaíocht agus ar an gcibearbhulaíocht agus faireachán a dhéanamh orthu agus iad a spreagadh ar bhealach níos fearr.

Cuideoidh líonra an Aontais um mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc le hoideachas agus feasacht leanaí a chur chun cinn i ndáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear tionscnaimh a mheas maidir le cuidiú le cosc a chur ar ghéarú cásanna cibearbhulaíochta ionas nach mbeidh siad ina n-iompraíocht choiriúil (e.g. scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí). Ina theannta sin, measfar cosc na cibearbhulaíochta freisin i bplean gníomhaíochta an Aontais atá le teacht maidir le leanaí a chosaint ar an gcoireacht. Leis an bplean gníomhaíochta, féachfar le freagairt chomhleanúnach chuimsitheach a thabhairt ar na rioscaí éagsúla atá roimh leanaí i ndáil leis an gcoireacht, ar líne agus as líne araon.

Cuireann an t-ardán maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK) agus líonra na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte uirlisí tacaíochta ar fáil do leanaí, do thuismitheoirí, d'oideoirí agus do ghairmithe ar leibhéal an Aontais (BIK) agus ar an leibhéal náisiúnta (na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte). Déanfar na hacmhainní sin a leathnú a thuilleadh chun acmhainneachtaí a neartú, níos mó páirtithe leasmhara a shroicheadh, agus freagairt do dhúshláin nua cibearbhulaíochta.

Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag scoileanna maidir leis an gcibearbhulaíocht a chosc, déanfar gníomhaíochtaí múscailte feasachta le tacaíocht ó na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte agus ó ardán BIK, agus tosófar leis an bhfeachtas bliantúil 'Filleadh ar an Scoil' i dtús gach scoilbhliana nua, chun ábhair oiliúna, uirlisí agus eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do leanaí maidir leis an gcaoi chun an chibearbhulaíocht a chosc agus a thuairisciú.

Cuirfear le hacmhainní agus oiliúint maidir leis an gcibearbhulaíocht don oideachas seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil trí ardáin Eorpacha. Áirítear leo sin Tairseach Eorpach na hÓige, an t-ionad ilfhreastail chun feasacht a mhúscailt agus deiseanna a chur chun cinn do dhaoine óga, agus an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, an pointe cruinnithe do phobal an oideachais scoile, agus Cúinne na Foghlama, lena gcuirtear acmhainní agus sraitheanna straitéisí ar fáil do mhúinteoirí agus do ghairmithe oideachais maidir le tionscnaimh an Aontais.

Le himeachtaí amhail Seachtain Eorpach na hÓige agus Seachtain Eorpach an Spóirt, éascaítear rannpháirtíocht maidir le topaicí éagsúla, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na cibearbhulaíochta. Tá an grúpa um modh oscailte comhordúcháin maidir leis an gcomhrac in aghaidh na fuathchainte sa spóirt, a bunaíodh i gcomhthéacs Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spóirt 2014-2017, ag obair ar mholtaí do na Ballstáit agus páirtithe leasmhara maidir le

timpeallacht an spóirt i gcoitinne, lena n-áirítear ar líne. Tá coinne lena thuarascáil faoi dheireadh 2026 agus áireofar inti moltaí chun cur in aghaidh na cibearbhulaíochta.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

6. **aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht sa nuashonrú ar na treoirlínte do mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus an oiliúint – faoi R2 2026;**
7. **oideachas saoránachta a neartú i scoileanna trí chreat inniúlachta agus treoirlínte saoránachta an Aontais – in 2027;**
8. **inniúlacht dhigiteach, cosc na cibearbhulaíochta agus folláine dhigiteach a neartú trí threochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha – faoi R3 2026;**
9. **rannchuidiú le cosc na cibearbhulaíochta i bplean gníomhaíochta an Aontais atá le teacht maidir le leanaí a chosaint ar an gcoireacht – faoi R3 2026**
10. **acmhainní agus oiliúint chibearbhulaíochta a leathnú do scoileanna agus don oideachas seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, trí ardán BIK, trí na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte, trí Thairseach Eorpach na hÓige agus tríd an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile – ó R2 2026 ar aghaidh;**
11. **tacaíocht a thabhairt don ghrúpa um modh oscailte comhordúcháin maidir leis an gcomhrac in aghaidh na fuathchainte sa spórt, ina chuid oibre ar mholtaí chun cur in aghaidh na cibearbhulaíochta i dtimpeallacht an spóirt – tuarascáil le cur isteach faoi R4 2026.**

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

3. **cosc agus sainaithint luath na cibearbhulaíochta a neartú le treoirlínte soiléire agus oiliúint shoiléir do pháirtithe leasmhara amhail oideoirí, cúramóirí, gairmithe a oibríonn le leanaí i réimsí éagsúla (e.g. sláinte, spórt, ceartas, forfheidhmiú an dlí);**
4. **rannpháirtíocht leanaí a neartú i gceapadh beartais agus i gcur chun feidhme beart ar mhaithe le folláine leanaí;**

### 3.3 Colún III: Tuairisciú agus tacaíocht chuimsitheach

Ní mór bealaí soiléire, iontaofa agus inrochtana a bheith ag íospartaigh a ndéantar cibearbhulaíocht orthu chun mí-úsáid a thuairisciú agus cabhair a fháil, lena n-áirítear le haghaidh cibearbhulaíocht trí theachtaireachtaí príobháideacha. Chun a bheith éifeachtach, ní mór níos mó a bheith i gceist leis na hiarrachtaí tacaíochta ná cuidiú le híospartaigh a ndéantar cibearbhulaíocht orthu amháin, ní mór dul i bhfeidhm ar dhaoine a fheiceann cibearbhulaíocht

agus nach ndéanann aon rud faoi, ar dhéantóirí na coire, ar thuismitheoirí, ar chúramóirí, ar oideoirí, agus ar phobal na scoile i gcoitinne.

**Cuirfidh an Coimisiún deiseanna tuairiscithe comhleanúnacha ar fud an Aontais agus tacaíocht d'íospartaigh chun cinn.** Ba cheart tacaíocht ildisciplíneach a bheith mar thoradh ar thuairisciú go pras, ar líne agus as líne araon. Ba cheart do na húdaráis ábhartha uile ar gach leibhéal, gníomhaithe príobháideacha, eagraíochtaí sochaí sibhialta, chomh maith le thuismitheoirí, cúramóirí, leanaí agus daoine óga féin, a bheith rannpháirteach ann.

Ag cur le léargais a bailíodh trí roinnt comhairliúchán spriocdhírthe, **tacóidh an Coimisiún le haip shábháilteachta ar líne a rolladh amach ar fud na mBallstát uile**, bunaithe ar shamhlacha cleachtais náisiúnta rathúla atá ann cheana, amhail *aip 3018* de chuid na Fraince. Cuirfidh an aip uirlis shlán, sho-úsáidte agus rúnda ar fáil a chuirfidh ar a gcumas do leanaí agus do dhaoine óga an méid seo a leanas a dhéanamh:

- i. **an chibearbhulaíocht a thuairisciú go héasca do líne chabhrach,**
- ii. **fianaise a stóráil agus a tharchur go sábháilte** i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta, agus
- iii. **cúnamh saincheaptha a fháil trí atreoruithe comhordaithe** chuig seirbhísí forfheidhmithe dlí, oideachais agus cosanta leanaí mar shampla.

Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit, i gcás inar gá agus inarb ábhartha, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- i. **an aip a chur in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta agus do na riachtanais náisiúnta** (e.g. aistriúchán, brandáil, nasc le seirbhísí náisiúnta ábhartha le haghaidh tacaíochta agus ardáin maidir le tuairisciú), gnéithe a chur fáil amhail tuairisciú slán, caomhnú fianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus rúndacht ráthaithe;
- ii. **idir-inoibritheacht** leis na bonneagair agus na córais tacaíochta atá ann cheana a **áirithiú**, agus
- iii. **tacú le glacadh na haipse a chur chun cinn** i measc na mBallstát, úsáideoirí agus ardáin ar líne.

Beidh ardáin ar líne fós freagrach as sásraí tuairiscithe éifeachtacha a bhunú. D'fhéadfadh ceann de na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí GSD maidir le cosaint mionaoiseach a bheith i gceist leis sin. Mar chomhlánú ar na hiarrachtaí sin, cuirfear an aip ar fáil d'ardáin ar líne lena comhtháthú ina n-uirlisí tuairiscithe agus tacaíochta d'úsáideoirí, lena n-áirítear trí Chomhéadain Feidhmchláir (APIInna), rud a fhágfaidh go mbeidh sí éifeachtúil ar acmhainní agus éifeachtach chun tuairisciú agus freagairt a dhéanamh.

Braitheann rath na haipse ar thacaíocht a bheith ar fáil agus ar obair leantach a bheith á déanamh ag na húdaráis náisiúnta. Beidh ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir chun a áirithiú go mbeidh tacaíocht chomhordaithe as líne (e.g. tacaíocht dhlíthiúil, shóisialta, shíceolaíoch agus oideachais) mar thaca leis an tuairisciú tríd an aip, chomh maith le tairbhí na haipse a chur in

iúl. Beidh sé d'aidhm ag an aip sineirgí a bhaint amach le sásraí tuairiscithe seanbhunaithe sna Ballstáit chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus foréigean in aghaidh na mban a thuairisciú ar líne, chomh maith le línte cabhrach AE, náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe línte cabhrach do leanaí (116 111) agus beolínte do leanaí ar iarraidh (116 000).

Glacfaidh an Coimisiún an chéad [Straitéis eile de chuid an Aontais Eorpaigh um chearta íospartach in 2026](#) chun rialacha an Aontais a chomhlánú le bearta neamhrechtacha. Cuirfidh an Straitéis struchtúir chun cinn le haghaidh tacaíocht spriocdhírithé (e.g. scrúdú sláinte, ó thaobh mothúchán agus síceolaíochta de) agus seirbhísí cosanta d'íospartaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear íospartaigh na coireachta ar líne. Tabharfaidh siad sin aghaidh freisin ar íospartaigh a ndéantar cibearbhulaíocht orthu sna Ballstáit ina ndéantar gníomhartha den sórt sin a choiriúlú faoin dlí náisiúnta.

Faoin [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#), tá an ceart chun sonraí pearsanta a scriosadh ábhartha go háirithe i gcás ina bhfuil toiliú tugtha ag an ábhar sonraí mar leanbh agus go bhféadfadh sé nach raibh sé go hiomlán ar an eolas faoi na rioscaí lena mbaineann, lena n-áirítear i gcomhthéacs na cibearbhulaíochta. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'údarais cosanta sonraí chun uirlisí atá dírithe ar leanaí a fhorbairt chun sonraí ar na meáin shóisialta a chosaint, chun goid sonraí nó cuntas a chosc, agus chun feidhmiú a gceart a chur ar a gcumas dóibh.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

12. **tacú le haip shábháilteachta inrochtana ar líne a rolladh amach ar fud na mBallstát uile** chun an chibearbhulaíocht a thuairisciú go héasca, arna cur in oiriúint do chomhthéacsanna náisiúnta, i sineirgí leis na sásraí tuairiscithe atá ann cheana, lena n-áirítear línte cabhrach agus beolínte, lena gcothófar tacaíocht ildisciplíneach ar líne agus as líne – **ÓR3 2026 ar aghaidh**;
13. aghaidh a thabhairt ar íospartaigh ar leanaí iad agus ar íospairt ar líne, lena bhféadfaí an chibearbhulaíocht a áireamh, sa chéad **Straitéis eile de chuid an Aontais Eorpaigh um chearta íospartach – 2026**.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

5. anailís a dhéanamh ar a gcomhthéacs náisiúnta d'fhonn **aip shábháilteachta náisiúnta ar líne** a chur ar fáil le tacaíocht shaincheaptha, agus, ag cur le samhlacha cleachtas náisiúnta rathúla atá ann cheana, **samhail den sórt sin a shaincheapadh don suíomh náisiúnta**, lena n-áirítear e.g. aistriúchán, brandáil, nasc le seirbhísí náisiúnta ábhartha le haghaidh tacaíochta agus ardáin maidir le tuairisciú, agus croíghnéithe amhail tuairisciú slán, caomhnú fianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus rúndacht ráthaithe á n-áirithiú;
6. a áirithiú go ndéanfar tuairisciú tríd an aip shábháilteachta náisiúnta ar líne a chomhtháthú le **héiceachóras iomlánaíoch dea-fheidhmiúil le haghaidh bainistiú agus tacaíocht cásanna**, lena n-áirítear tacaíocht chomhordaithe as líne (e.g. seirbhísí tacaíochta dlíthiúla, póilíneachta, sóisialta, síceolaíochta agus oideachais);

7. **an aip shábháilteachta náisiúnta ar líne a chur ar fáil d'ardáin ar líne lena comhtháthú ina n-uirlisí tuairiscithe agus tacaíochta d'úsáideoirí**, lena n-áirítear trí Chomhéadain Feidhmchláir (APIInna), rud a fhágfaidh go mbeidh sí éifeachtúil ar acmhainní agus éifeachtach chun tuairisciú agus freagairt a dhéanamh;
8. **glacadh agus úsáid fhorleathan na haipe sábháilteachta náisiúnta ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chur chun cinn;**
9. **uirlisí arna bhforbairt ag na húdaráis cosanta sonraí a chur chun cinn** ina dteangacha náisiúnta do leanaí chun iad féin a chosaint ar rioscaí ar líne, amhail an chibearbhulaíocht, goid sonraí nó cuntas, iarracht ar chibirseamálacha, dúmhál gnéasach.

## 4. For-rochtain idirnáisiúnta agus comhar ilpháirtithe leasmhara

Tá sé d'aidhm ag an Aontas folláine agus cearta leanaí laistigh dá theorainneacha a chosaint ach rannchuidiú go mór freisin le timpeallacht dhigiteach níos sábháilte agus níos cuimsithí a chothú ar fud an domhain. Is feachtas domhanda anois é an Lá um Idirlíon Níos Sábháilte lena n-iarrtar ar pháirtithe leasmhara beart a dhéanamh go comhpháirteach chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr do chách, go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga, chun feasacht a mhúscailt maidir leis na príomhdhúshláin ar líne agus maidir le hábhair inní agus treochtaí atá ag teacht chun cinn.

Is tosaíocht dhomhanda é mionaoisigh a chosaint agus a chumhachtú ar líne. Léirítear é sin i [straitéis dhigiteach idirnáisiúnta an Aontais](#). Tá líonra beolínite arna chomhchistiú ag an Aontas sna Ballstáit chun dul i ngleic le scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne mar chuid [líonra INHOPE](#) ag a bhfuil 57 mbeolíne ag feidhmiú ar fud an domhain faoi láthair.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le rialtóirí atá ar aon intinn leis maidir le sábháilteacht ar líne, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi, faoi shocruithe riaracháin (e.g. Ofcom sa Ríocht Aontaithe agus an Coimisinéir r-Shábháilteachta san Astráil faoi láthair) agus faoi chomhpháirtíochtaí digiteacha (e.g. le Ceanada, Singeapór, an India).

Cuirfidh an tAontas comhar in aghaidh na cibearbhulaíochta chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an [Comhshocrú Digiteach Domhanda](#). Tá treoraíocht agus uirlisí forbartha ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe ar féidir iad a úsáid mar dhea-chleachtais agus mar thagarmharcanna, lena n-áirítear ó UNICEF (suíomh gréasáin agus APIanna foinse oscailte), ón Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (treoirínite maidir le cosaint leanaí ar líne), agus ó Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le foréigean in aghaidh leanaí. Tacaíonn an tAontas le for-rochtain UNESCO ar rialtóirí chun treoirínite UNESCO maidir le rialachas ardán ar líne a chur chun feidhme.

Cistíonn an tAontas cláir thiomnaithe feasachta agus tacaíochta cosanta do leanaí i dtíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe tíortha is iarrthóirí agus tíortha comharsanacha, ar líne agus

as líne, tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda. Tacaíonn an tAontas freisin le hailíniú le rialacha an Aontais faoin bpróiseas aontachais do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus cuireann sé sábháilteacht ar líne leanaí agus daoine óga i dtíortha comharsanacha chun cinn trí eolas agus dea-chleachtais a mhalartú tríd an gclár maidir le hIonaid d’Idirlíon Níos Sábháilte+.

## 5. Na chéad chéimeanna eile

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta ar fud na dtrí cholún uile, ag obair go dlúth leis na Ballstáit, leis na hIonaid d’Idirlíon Níos Sábháilte, agus le páirtithe leasmhara eile. Rianófar dul chun cinn, dúshlán agus dea-chleachtais trí uirlisí atá ann cheana amhail Léarscáil Bheartais bhliantúil BIK, tuarascálacha ó na hIonaid d’Idirlíon Níos Sábháilte agus malartuithe tráthrialta trí fhóraitm saineolaithe, lena n-áiríteofar faireachán trédhearcach agus rannpháirteach.

Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun creataí faireacháin a leabú i straitéisí nó i mbeartais náisiúnta cibearbhulaíochta, agus measúnú á dhéanamh ar chur chun feidhme, inrochtaineacht, cuimsitheacht agus inoiriúnaitheacht do chomhthéacsanna digiteacha atá ag athrú, ina bhfuil leanaí agus daoine óga rannpháirteach. Comhroinnfear torthaí ar leibhéal an Aontais chun tacú le foghlaim fhrithpháirteach agus ailíniú beartais, rud a bheidh mar bhonn eolais le nuashonruithe ar thionscnaimh faoi BIK+ agus faoi GSD.

Déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar an bplean gníomhaíochta seo in 2029, mar shampla, trí chomhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga.

## 6. Conclúidí

*‘Tá spás sábháilte ar líne uainn do leanaí, don óige, agus don chéad ghlúin eile ach níl sé againn go fóill. Tá roinnt fadhbanna againn. Agus ní leis an nglúin seo amháin a bhaineann na fadhbanna sin. Mar sin, tá roinnt cuidithe ón Aontas de dhíth orainn chun ár spásanna sábháilte ar líne a dhéanamh. Is gá tosú áit éigin. Tá orainn é a dhéanamh anois. Ar mhaithe leis an todhchaí.’*

Sliocht ó leanaí atá ina mbaill d’Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí

Téann leanaí agus daoine óga i dteagmháil linn agus á iarraidh orainn cuidiú le spásanna ar líne a dhéanamh sábháilte dóibh, dá bpiaraí, agus do na glúnta amach romhainn. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ar fud an Aontais ar fad, toisc nár cheart cosaint agus cumhachtú ár leanaí agus ár n-óige a bheith ag brath ar phostchód.

Ag cur le bosca uirlisí an Aontais de bhearta dlíthiúla agus beartais atá láidir cheana féin in aghaidh díobhálacha ar líne agus leas á bhaint as aighneachtaí ó réimse leathan páirtithe leasmhara, cuideoidh an plean gníomhaíochta seo le timpeallacht dhigiteach shábháilte, chuimsitheach agus a chumhachtaíonn a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga san Eoraip. Comhlánóidh sé agus spreagfaidh sé tionscnaimh leanúnacha an Aontais maidir le hidirlíon níos sábháilte, freagracht ardán, scileanna digiteacha agus oideachas digiteach, cumhachtú leanaí agus daoine óga, bailiú sonraí agus comhar idirnáisiúnta.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an plean gníomhaíochta seo a fhorghníú agus oibriú le chéile ar a chur chun feidhme. Iarrann an Coimisiún ar Choiste na Réigiún agus ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa idirphlé le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, páirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus an tsochaí shibhialta a chur chun cinn.

## IARSCRÍBHINN: Príomhghníomhaíochtaí agus Amlíne

### Colún I: Cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais maidir le cosaint

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:	
an bhéim ar dhul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht a leathnú san athbhreithniú ar <b>threoirlínte GSD maidir le cosaint mionaoiseach</b> ;	2026
<b>treoirlínte GSD maidir le comharthóirí iontaofa</b> a ghlacadh, rud a chuideoidh lena ról a shoiléiriú maidir le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, amhail an chibearbhulaíocht neamhdhleathach;	faoi R2 2026
measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht ar ardáin comhroinnte físeán le linn na <b>meastóireachta leanúnaí ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc</b> agus le linn an athbhreithnithe uirthi;	faoi R3 2026
tacú le <b>cur chun feidhme éifeachtach fhorálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le cleachtais IS atá toirmisce</b> , lena n-áirítear nuair a úsáidtear iad le haghaidh na cibearbhulaíochta;	ó R3 2026 ar aghaidh
éascaíocht a dhéanamh ar <b>chur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí trédhearcachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a bhaineann le hábhar arna ghiniúint ag IS a mharcáil agus a lipéadú</b> , lena n-áirítear nuair a bhaineann sé leis an gcibearbhulaíocht.	ó R3 2026 ar aghaidh

Iarrtar ar na Ballstáit:

**pleananna cuimsitheacha náisiúnta frithbhulaíochta, lena n-áirítear cibearbhulaíocht**, a bhunú, go háirithe le tacaíocht ó Líonra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh;

**sonraí comhsheasmhacha inchoimparáide maidir leis an gcibearbhulaíocht a bhailiú** arna éascú ag líonra na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte agus ag an ardán maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí.

### Colún II: Cosc agus Feasacht

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

<b>aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht sa nuashonrú ar na treoirlínte do mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn</b> ;	faoi R2 2026
--	--------------

oideachas saoránachta a neartú i scoileanna trí chreat inniúlachta agus treoirlínte saoránachta an Aontais	2027
--	------

inniúlacht dhigiteach, cosc na cibearbhulaíochta agus folláine dhigiteach a neartú trí <b>threochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha;</b>	faoi R3 2026
rannchuidiú le cosc na cibearbhulaíochta i <b>bplean gníomhaíochta an Aontais atá le teacht maidir le leanaí a chosaint ar an gcoireacht;</b>	faoi R3 2026
<b>acmhainní agus oiliúint a bhaineann leis an gcibearbhulaíocht</b> a leathnú do scoileanna agus don oideachas seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, trí ardán BIK, trí na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte agus trí Thairseach Eorpach na hÓige;	ó R2 2026
tacaíocht a thabhairt don ghrúpa um modh oscailte comhordúcháin maidir leis an gcomhrac in aghaidh na fuathchainte sa spórt, ina chuid oibre ar <b>mholtaí chun cur in aghaidh na cibearbhulaíochta i dtimpeallacht an spóirt.</b>	faoi R4 2026

Iarrtar ar na Ballstáit:
cosc agus sainaitheint luath na cibearbhulaíochta a neartú le <b>treoirlínte agus oiliúint do pháirtithe leasmhara</b> , mar shampla, oideoirí, cúramóirí, gairmithe a oibríonn le leanaí i réimsí éagsúla;
<b>rannpháirtíocht leanaí a neartú</b> i gceapadh beartais agus i gcur chun feidhme beart ar mhaithe le folláine leanaí;

### Colún III: Tuairisciú agus tacaíocht chuimsitheach

<u>Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:</u>	
tacú le <b>haip inrochtana sábháilteachta ar líne</b> a rolladh amach ar fud na mBallstát;	ó R3 2026 ar aghaidh
aghaidh a thabhairt ar íospartaigh ar leanaí iad agus ar íospairt ar líne, lena bhféadfaí an chibearbhulaíocht a áireamh, i <b>Straitéis an Aontais Eorpaigh um chearta íospartach.</b>	2026

Iarrtar ar na Ballstáit:

anailís a dhéanamh ar a gcomhthéacs náisiúnta d'fhonn **aip shábháilteachta náisiúnta ar líne** a chur ar fáil agus, ag cur le samhlacha cleachtais náisiúnta rathúla atá ann cheana, samhail den sórt sin a shaincheapadh don suíomh náisiúnta;

a áirithiú go ndéanfar tuairisciú tríd an aip shábháilteachta náisiúnta ar líne a chomhtháthú le **héiceachóras tacaíochta iomlánaíoch dea-fheidhmiúil**;

**an aip shábháilteachta náisiúnta ar líne a chur ar fáil d'ardáin ar líne** lena comhtháthú ina n-uirlisí tuairiscithe agus tacaíochta d'úsáideoirí;

**an aip shábháilteachta náisiúnta ar líne a chur chun cinn** i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

**uirlisí arna bhforbairt ag na húdaráis cosanta sonraí a chur chun cinn** ina dteangacha náisiúnta do leanaí chun iad féin a chosaint ar rioscaí ar líne, amhail an chibearbhulaíocht.